

# FORÓGRA OIDEACHAIS CMÉ

**Fís 2030:** Infheistíochtaí Riachtanacha chun Bunoideachas agus Oideachas Speisialta a Chur Chun Cinn

30 CHUIG 30
VÓTÁIL CÉADROGHA DON OIDEACHAS

into
Irish National Teachers' Organisation
*Cumann Múinteoirí Éireann*

# RÉAMHRÁ

Le Éire ag tráth ríthábhachtach ina haistear oideachasúil, cuireann Cumann Múinteoirí Éireann (INTO) ár bhForógra Olltoghcháin i láthair. Is measúnú mionsonraithe é ar thríocha réimse chriticiúil infheistíochta ón rialtas atá ag teastáil faoi 2030. Tá sprioc shoiléir againn: an córas bunoideachais agus oideachais speisialta is fearr ar domhan a thógáil. Ní idéal uaillmhianach amháin atá san uaillmhian seo—tá sé riachtanach. Tá córas oideachais den chéad scoth mar bhunchloch de shochaí atá faoi bhláth, agus tá sé de dhualgas ar aon rialtas Éireannach atá ag teacht isteach a chinntiú go bhfaigheann ár leanaí agus ár ndaoine óga an tús is fearr sa saol. De réir an OECD, is cloch choirnéil do chóras oideachais cothrom é rochtain a bheith ag leanaí ar dheiseanna foghlama ardchaighdeáin, beag beann ar a gcúlra. D'fhonn an cuspóir sin a bhaint amach, iarrann Cumann Múinteoirí Éireann go dtiocfaidh méadú de 5% ar chaiteachas iomlán an rialtais ar an earnáil scoile idir 2026 agus 2030.

Is é bunoideachas an bonn ar a dtógtar gach gné eile den tsochaí. Thug Painéal Ardleibhéil na Náisiún Aontaithe maidir le gairm na múinteoireachta faoi deara go bhfuil rathúlacht na gcóras oideachais nasctha go díreach le rathúlacht ghairm na múinteoireachta, 'Nuair a thosaímid ar chórais oideachais a athrú, is féidir linn dálaí oibre i scoileanna a athrú, cleachtas an teagaisc a athrú ón mbonn, an fhoghlaim a athrú agus saolta a athrú ón mbonn.'

Is iomaí dúshlán atá le sárú ag bunoideachas agus oideachas speisialta sa lá atá inniu ann, ach is iomaí na deiseanna freisin. Trí chur chuige cuimsitheach a ghlacadh a thugann aghaidh ar riachtanais éagsúla na ndaltaí, na múinteoirí agus na scoileanna, is féidir linn córas a chruthú a chomhlíonann ní hamháin na caighdeáin idirnáisiúnta, ach a sháraíonn na caighdeáin sin. Idir laghdú ar mhéid na ranganna agus feabhas a chur ar oiliúint mhúinteoirí agus feabhas a chur ar bhonneagar na scoile agus acmhainní a mhéadú don oideachas speisialta, tá gach gné den fhorógra seo deartha chun ár gcóras oideachais a ardú go dtí an leibhéal is airde riamh.

Is léir go leanann an ghéarchéim tithíochta le tionchar as cuimse a bheith aici ar earcú agus coinneáil múinteoirí agus go gcaithfidh an rialtas nua dul i ngleic léi.

Eilíonn INTO go n-oibreoidh an rialtas lena chinntiú go gcuirfidh an rialtas clár oibre uaillmhianach chun cinn a thugann tosaíocht do riachtanais ár ndaltaí agus ár múinteoirí. Tá ár gcuid múinteoirí i gcroílár ár gcóras oideachais, agus tá sé ríthábhachtach go dtabharfar tacaíocht dóibh, go dtugtar meas orthu agus go dtugtar cumhacht dóibh an méid is fearr a dhéanann siad a dhéanamh — oideachas agus spreagadh a thabhairt.

Iarraimid ar an rialtas nua ár n-uaillmhian a mheaitseáil le gníomh. Tá an t-am le haghaidh céimeanna incriminteacha imithe thart; is éard atá ag teastáil anois ná straitéis thábhachtach a thugann aghaidh ar riachtanais gach linbh, i ngach seomra ranga, ar fud na tíre. Trí thiomantas a thabhairt don fhís seo, is féidir linn a chinntiú go mbeidh Éire ní hamháin ag comhlíonadh dhúshláin na todhchaí ach go bhfuil sí mar eiseamláir i sármhaitheas oideachais.

Le chéile, is féidir linn lóchrann ratha oideachais a dhéanamh d'Éirinn, ina mbíonn deis ag gach leanbh a lánacmhainneacht a bhaint amach. Is é seo ár ngealltanas, agus is é seo ár nglao chun gnímh. Braitheann todhchaí ár náisiúin ar na roghanna a ghlacaimid inniu—roghnaímid a bheith uaillmhianach, roghnaímid infheistíocht a dhéanamh, agus roghnaímid córas oideachais na hÉireann a dhéanamh ar an gcóras is fearr ar domhan faoi 2030.




Carmel De Brún,
**Uachtáran**



Seán Ó Baoill,
**Rúnaí Ginearálta**

*"Le chéile, is féidir linn córas oideachais a chruthú ionas go mbeidh deis ag gach leanbh in Éirinn a lánacmhainneacht a bhaint amach."*

30 CHUIG 30
VÓTÁIL CÉADROGHA DON OIDEACHAS

into
Irish National Teachers' Organisation
*Cumann Múinteoirí Éireann*

# CAD A CHAITHFIDH AN RIALTAS NUA A DHÉANAMH?

## Soláthar Múinteoirí a Reiteach

1. Scálaí tuarastail a athstruchtúrú ionas go mbeidís níos cothroime agus níos iomaíche agus feabhas a chur ar an Scéim Pinsin Aonair chun slí bheatha sa mhúinteoireacht a dhéanamh níos tarraingtí.

2. Dreasachtaí a sholáthar chun múinteoirí a choinneáil anseo agus an scéim chreidmheasa incrimintigh a fheabhsú chun múinteoirí a thabhairt abhaile go hÉirinn.

## Méideanna Ranganna a Ísliú

3. Méideanna ranganna i scoileanna príomhshrutha a laghdú go 19, méideanna ranga i scoileanna Banda 1 DEIS a laghdú go 15 agus méideanna ranganna i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta a laghdú.

4. Oiliúint a chur ar mhúinteoirí bunscoile breise chun spriocmhéid ranganna a bhaint amach agus chun a chinntiú gur féidir gach post múinteoireachta a líonadh.

## Tacú le Múinteoirí

5. Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil ardchaighdeáin do mhúinteoirí chun tacú leis an tabhairt isteach den churaclam athbhreithnithe agus de thionscnaimh thábhachtacha eile agus maoiniú a mhéadú don scéim um aisíocaíocht táillí múinteoirí.

1. 6. Socruithe feabhsaithe oibre solúbtha a sholáthar, lena n-áirítear rochtain ar shaoire shláinte atáirgthe, saoire mháthairionadaíochta, scéimeanna feabhsaithe cúraim leanaí agus teaghlaigh agus tacaíocht d'fholláine múinteora.

7. Clúdach Ionadaithe a sholáthar do gach neamhláithreacht múinteora ceadaithe le soláthar ar leith do scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.

## Ceannaireacht Scoile a Laidrilú

8. Foirne ceannaireachta meanaí a leathnú sna scoileanna.

9. Cláir forbartha gairmiúla ardchaighdeáin agus oiliúint ceannaireachta a chur ar fáil do róil cheannaireachta shinsearacha agus mheánacha agus do cheannairí scoile ardaidhmeannacha.

10. Tacaíocht riaracháin, theicniúil agus cothabhála a mhéadú lena n-áirítear íocaíocht dhíreach a dhéanamh le feighlithe scoile chun ualaí maorlathacha agus bainistíochta ar phríomhoidí a laghdú.

11. Feabhas a chur ar thuarastail agus níos mó dreasachtaí a chur ar fáil do cheannairí scoile, lena n-áirítear liúntais a chothromú idir ceannairí bunscoile agus iar-bhunscoile, na figiúirí ceapacháin do phríomhoidí riaracháin agus leas-phríomhoidí riaracháin a laghdú go 150 agus 400 dalta faoi seach agus liúntais cheannairí scoile a íoc bunaithe ar na baill foirne go léir a bhainistíonn siad.

## Oideachas Speisialta a Mhéadú

12. Líon níos mó de scoileanna speisialta a bhunú agus leanúntas an tsoláthair a choinneáil lena n-áirítear ranganna speisialta.

13. Cláir oiliúna den scoth a rolladh amach do gach duine a mhúineann leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu lena n-áirítear líon na n-áiteanna ar Chúrsaí Dioplóma san Oideachas Speisialta a mhéadú faoi dhó.

14. Infheistíocht a dhéanamh in acmhainní agus in áiseanna oideachais speisialta agus feabhas a chur ar thuarastail agus ar thacaíochtaí gairmiúla do mhúinteoirí sna suíomhanna sin.

15. Tacaíochtaí teiripeacha, comhairleoireachta agus síceolaíochta inscoile a rolladh amach agus seirbhísí míchumais túslíne á gcur ar fáil go háitiúil ar leibhéal na scoile.

## Maoiniú Scoile a Ardú

**16.** Maoiniú caipitíochta bunscoile a mhéadú go €400 in aghaidh an dalta faoi 2030.

**17.** Infheistíocht a mhéadú i mbonneagar scoile le haghaidh na foirgnimh atá ann cheana féin a iarfheistiú agus a nuachóiriú agus le haghaidh foirgneamh nua/síntí scoile agus méadú suntasach a dhéanamh ar an deontas mionoibreac.

**18.** Deontais bhliantúla a chur ar fáil le haghaidh acmhainní curaclaim de réir mar a dhéantar an curaclam bunscoile athfhorbartha a chur i bhfeidhm agus soláthar a dhéanamh do leithdháileadh acmhainní TFC agus uirlisí foghlama digiteacha tar éis 2027.

## Srian a Chur ar Athchóiriú

**19.** Próiseas forbartha beartais chomhairligh agus sruthlínithe a bhunú agus struchtúir forbartha gairmiúla a fheabhsú chun tionscnaimh nua a chur chun feidhme.

**20.** An luas ceart a chur faoi thionscnaimh nua chun a chinntiú go bhfuil na tionscaimh atá ann faoi láthair comhtháthaithe go hiomlán.

## Scoileanna Beaga a Chosaint

**21.** Tacú le scoileanna beaga trí mhaoiniú saincheaptha, agus leithdháileadh acmhainní le haghaidh cnuasaithe, bunaithe ar thorthaí Thionscadal na Scoileanna Beaga.

## Maoiniú do DEIS a Spriocdhíriú

**22.** Scéim DEIS plus a chruthú chun tacú le 100 scoil a fhreastalaíonn ar na limistéir leis an díothacht is mó mar aon le maoiniú agus acmhainní méadaithe do scoileanna DEIS.

**23.** Idirghabhálacha spriocdhírithe a dhéanamh do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus tionscnaimh rannpháirtíochta pobail agus tuismitheoirí a mhéadú lena n-áirítear leathnú na scéime HSCL faoi stiúir an mhúinteora.

## Gairm na Múinteoireachta a Dhéanamh Níos Éagsúla

**24.** Straitéisí a chur chun cinn chun daoine aonair ó chúlraí éagsúla a mhealladh chuig an múinteoireacht, lena gcinntítear go dtugtar tacaíocht dóibh chun páirt a ghlacadh sa ghairm agus fanacht sa ghairm agus chun córais tacaíochta a fhorbairt do mhúinteoirí faoi mhíchumas.

**25.** Iarrachtaí a threisiú maidir le háiteanna oibre cuimsitheacha a dhéanamh de scoileanna lena n-áirítear cláir mheantóireachta a fhorbairt do ghrúpaí tearcionadaíochta i dteagasc agus cosaintí a sholáthar ó gach cineál foréigin agus ciaptha.

**26.** Iarrachtaí a athspreagadh chun éagsúlacht pátrúnachta a chinntiú i mbunscoileanna.

## Feabhas a chur ar Chumarsáid na Roinne Oideachais

**27.** Fóraim chomhairliúcháin rialta agus sásraí aiseolais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ionchur ó cheardchumainn na múinteoirí.

**28.** A chinntiú go gcuirtear beartais agus tionscnaimh in iúl go trédhearcach agus go tráthúil.

## Rannpháirtíocht Oideachais Thuaidh Theas a threisiú

**29.** Sásraí níos dírithe a bhunú le haghaidh rannpháirtíochta idir comhlachtaí oideachais ar oileán na hÉireann lena n-áirítear Fóram Oideachais Thuaidh-Theas.

## An Ghaeilge a Chur Chun Tosaigh

**30.** Cúrsaí saor in aisce a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag iarraidh an cháilíocht Ghaeilge a bhaint amach, breisoiliúint bhliantúil do mhúineadh na Gaeilge a chur ar fáil do na múinteoirí bunscoile go léir agus athbhreithniú a dhéanamh ar scéim na ndíolúintí ón nGaeilge ar an leibhéal bunscoile.

# CAD A CHAITHFIDH AN RIALTAS NUA A DHÉANAMH?

## Soláthar Múinteoirí a Reiteach

De réir mar a théann an ghéarchéim um ghanntanas múinteoirí i ndéine, ní mór don chéad rialtas eile tús áite a thabhairt do dhul i ngleic leis na dúshláin earcaíochta agus coinneála atá ag déanamh an-dochair do go leor scoileanna in Éirinn. Agus na mílte post folamh in aghaidh an lae, is léir do INTO go mbeidh 300 áit bhreise ag teastáil i gcláir oideachais tosaigh múinteoirí atá maoinithe ag an stát gach bliain ó 2026 go 2030 chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh suntasach sa soláthar múinteoirí. Chun gairm na múinteoireachta a dhéanamh níos tarraingtí, tá sé riachtanach scálaí tuarastail a athstruchtúrú, lena chinntiú go dtugtar cúiteamh dóthanach do mhúinteoirí ar aon dul lena gcáilíochtaí agus le héilimh a gcuid ról. Ina theannta sin, ní mór an Scéim Pinsin Aonair reatha a fheabhsú chun slándáil airgeadais fhadtéarmach níos fearr a chur ar fáil, a mbeidh príomhról aige maidir le hoideachasóirí cumasacha a mhealladh agus a choinneáil laistigh den ghairm.

Sa bhreis air sin, ní mór don rialtas dreasachtaí spriocdhírithe a thabhairt isteach chun múinteoirí Éireannacha atá ag obair thar lear a spreagadh chun filleadh abhaile. Dá méadófaí creidmheas incriminteach le haghaidh taithí mhúinteoireachta thar lear, thabharfaí aitheantas do luach a gcuid scileanna agus laghdófaí ualach airgeadais an athdhúichithe. Le bearta den sórt sin, in éineacht le tionscnaimh cosúil le feachtas feabhsaithe caidrimh phoiblí um earcaíocht idirnáisiúnta, tabharfar na dreasachtaí is gá chun an lucht saothair múinteoireachta a neartú agus chun a chinntiú go mbeidh dóthain foirne ag scoileanna chun oideachas ardchaighdeáin a thabhairt do na daltaí go léir. Gan gníomhaíocht láithreach agus marthanach, leanfaidh an ghéarchéim seo den bhonn a bhaint de thodhchaí ár gcóras oideachais.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Scálaí tuarastail a athstruchtúrú ionas go mbeidís níos cothroime agus níos iomaíche agus feabhas a chur ar an Scéim Pinsin Aonair chun slí bheatha sa mhúinteoireacht a dhéanamh níos tarraingtí.
- Dreasachtaí a sholáthar chun múinteoirí a choinneáil anseo agus an scéim chreidmheasa incrimintigh a fheabhsú chun múinteoirí a thabhairt abhaile go hÉirinn.

## Méideanna Ranganna a Ísliú

Ní mór don chéad rialtas eile beart cinntitheach a dhéanamh chun líon na ranganna plódaithe in Éirinn a ísliú, atá fós ar na cinn is airde san Aontas Eorpach. Agus 22.5 dalta ar an meán in aghaidh an ranga, i gcomparáid le meán an Aontais de 19, tá ár gcóras oideachais faoi bhrú, rud a théann i bhfeidhm ar mhúinteoirí agus ar dhaltaí araon. Trí líon na ranganna a laghdú ionas go mbeadh 19 ndalta ar a mhéad sa rang i scoileanna príomhshrutha, ní amháin a bheimis ag teacht leis an meán Eorpach, ach thabharfadh sé deis do mhúinteoirí an aird shaincheaptha a theastaíonn ó gach dalta a chur ar fáil i seomraí ranga an lae atá inniu ann ina bhfuil ionchuimsiú ríthábhachtach. Tá sé seo ríthábhachtach go háirithe ós rud é go meastar go dtiocfaidh laghdú ar rollaithe bunscoile, rud a fhágann gur am tráthúil é na hathruithe seo a chur chun feidhme gan mórán costais bhreise ar an státchiste.

I scoileanna DEIS Bhanda 1, ina bhfuil dúshláin shuntasacha shocheacnamaíocha roimh dhaltaí, tá an gá le méideanna ranga níos lú fós níos práinní. Freastalaíonn na scoileanna seo ar leanaí leochaileacha a bhainfeadh an tairbhe is mó as an timpeallacht spriocdhírithe thacúil a fhéadfar a chur ar fáil le ranganna níos lú. Trí mhéid na ranganna a laghdú go dtí 15 i scoileanna DEIS Bhanda 1, is féidir leis an rialtas cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na míbhuntáistí sistéamacha atá roimh na daltaí seo, ag cinntiú go bhfuil comhdheiseanna acu ionas go n-éireoidh leo san oideachas. Tá sé ríthábhachtach aghaidh a thabhairt ar éagsúlachtaí maidir le méid ranganna chun cothrom na Féinne a thabhairt do gach leanbh bunscoile in Éirinn.



Chun na spriocmhéideanna ranganna seo a bhaint amach agus chun a chinntiú go bhfuil na múinteoirí láncháilithe ag gach leanbh a bhfuil siad ina dteideal gach lá, tá sé ríthábhachtach go n-infheistíonn an rialtas in oiliúint múinteoirí agus in earcaíocht. Trí mhéadú a chur ar an soláthar de mhúinteoirí cáilithe, cinnteofar gur féidir le scoileanna freastal ar na héilimh foirne a theastaíonn chun ranganna níos lú a choimeád. Leis an infheistíocht fhadtéarmach seo i múinteoirí agus i ndaltaí araon, cuirfear feabhas ar cháilíocht an oideachais ar fud na tíre, ag cinntiú go mbeidh rochtain ag gach leanbh, beag beann ar chúlra nó ar shuíomh, ar thimpeallacht foghlama atá tacúil agus éifeachtach.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Méideanna ranganna i scoileanna príomhshrutha a laghdú go 19, méideanna ranga i scoileanna Banda 1 DEIS a laghdú go 15 agus méideanna ranganna i scoileanna speisialta agus ranganna speisialta a laghdú.
- Oiliúint a chur ar mhúinteoirí bunscoile breise chun spriocmhéid ranganna a bhaint amach agus chun a chinntiú gur féidir gach post múinteoireachta a líonadh.

## Tacú le Múinteoirí

Tá forbairt ghairmiúil chuimsitheach agus leanúnach ríthábhachtach, go háirithe agus an curaclam nua á chur i bhfeidhm. Le tabhairt isteach céimnithe le tacaíocht mhaith ag gabháil leis, ní bheidh na múinteoirí faoi léigear. I mí Mheán Fómhair 2025, tabharfar isteach Curaclam nua na Bunscoile i scoileanna na hÉireann, ag ceiliúradh an chéad athchóiriú mór le breis agus 25 bliain. Tá sé ríthábhachtach go bhfaighidh múinteoirí FGL ar ardchaighdeán agus deiseanna foghlama gairmiúla chun cabhrú leo an curaclam a thuiscint agus a chur chun feidhm.

I ndoiciméad 2022 de chuid CNCM, "Tacú le hAthrú Curaclam Bunscoile ar fud an Chórais", cuirtear béim ar an ngá atá le comhfhís, uainiú cúramach agus cumarsáid shoiléir i measc na bpáirtithe leasmhara go léir. Leagtar béim ann freisin ar a thábhachtaí atá ailíniú beartais chun a sheachaint go gcuirfí ualach oibre róthrom ar scoileanna le tionscnaimh eile le linn an aistrithe seo. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí acmhainní dóthanacha ar fáil, lena n-áirítear maoiniú le haghaidh ábhair ranga, foghlaim ghairmiúil do mhúinteoirí, agus áiseanna dóthanacha.

Iarrann an ceardchumann ar FGL pearsanta ardchaighdeáin a thabhairt do gach múinteoir le linn an lae scoile, rud a ligfidh dóibh dul i dteagmháil leis an gcuraclam i dteannta le comhghleacaithe agus saineolaithe. Tá maoiniú ag teastáil ó scoileanna le haghaidh an trealaimh riachtanaigh agus rochtain thráthúil ar acmhainní cuimsitheacha ar líne agus ar threalamh uirlisí.

Tá folláine an mhúinteora riachtanach do theagasc éifeachtach agus do thorthaí dearfacha ó na daltaí, agus cuimsítear léi gnéithe mothúchánacha, sóisialta, fisiceacha agus cognaíocha. Má thugtar tosaíocht d'fholláine an mhúinteora, beidh sásamh poist níos airde ann agus rátaí coinneála níos fearr mar thoradh uirthi agus laghdaítear cloíteacht.

Ní mór don chéad Rialtas eile ualaí riaracháin a laghdú nach bhfuil gá leo a bhaineann ón teagasc agus a chuireann le cloíteacht. Trí thionscnaimh na Roinne Oideachais a ailíniú go hinbhuanaithe feabhsófar a dtionchar ar thorthaí na ndaltaí. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach gealltanais saoire sabóidí a chomhlíonadh do mhúinteoirí i scoileanna DEIS chun dul i ngleic le héagothroime oideachais agus chun tacú le folláine múinteoirí, toisc go bhfeabhsaítear coinneáil múinteoirí i scoileanna atá ag streachailt le foireann a mhealladh agus a choinneáil.

Maidir le saoire shláinte atáirgthe, cuireann INTO fáilte roimh Thuarascáil PLACES RLCMLO, a mholann saoire reachtúil le pá le haghaidh cailliúint toirchis ógánaigh. Tá géarghá freisin le saoire le pá dóibh siúd atá ag dul faoi chóireáil neamhthorthúlachta, toisc go dtugann múinteoirí aghaidh ar dhúshláin maidir le bainistiú saoire tar éis athruithe ar scéim saoire bhreoiteachta na seirbhíse poiblí in 2013.

Sa tuarascáil *PLACES* leagtar béim ar na dúshláin uathúla atá roimh mhúinteoirí maidir le cóireáil torthúlachta agus cailliúint toirchis. Tacaíonn soláthar saoire sláinte atáirgthe le múinteoirí le linn imeachtaí suntasacha saoil, ag cur lena bhfolláine agus cosc a chur ar chloíteacht. Ní mór reachtaíocht a rith freisin do shaoire mháthairionadaíochta ar cuireadh béim air ag tairiscint de chuid Chomhdháil INTO, chun struchtúir theaghlaigh na hÉireann atá ag i mbun athraithe a léiriú.

Le socruithe oibre solúbtha, cuirfear feabhas ar shásamh poist, coinneáil agus folláine i bpobail scoile. Ba chóir don Roinn Oideachais athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim saoire do thuismitheoirí chun ligean do mhúinteoirí saoire a ghlacadh ar laethanta aonair seachas an t-íosmhéid reatha de sheacht lá as a chéile.

Is croíbheartas de chuid Chumann Múinteoirí Éireann é cumhdach ionadaithe a chinntiú do gach neamhláithreacht. Le linn na paindéime Covid, bhí gach neamhláithreacht múinteoirí clúdaithe ag ionadaithe. Tá INTO ag tathant ar an Roinn Oideachais an beart seo a athbhunú chun a chinntiú go mbíonn teacht ag gach leanbh ar mhúinteoir cáilithe gach lá.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Infheistíocht a dhéanamh i bhforbairt ghairmiúil ardchaighdeáin do mhúinteoirí chun tacú leis an tabhairt isteach den churaclam athbhreithnithe agus de thionscnaimh thábhachtacha eile agus maoiniú a mhéadú don scéim um aisíocaíocht táillí múinteoirí.
- Socruithe feabhsaithe oibre solúbtha a sholáthar, lena n-áirítear rochtain ar shaoire shláinte atáirgthe, saoire mháthairionadaíochta, scéimeanna feabhsaithe cúraim leanaí agus teaghlaigh agus tacaíocht d'fholláine múinteora.
- Clúdach Ionadaithe a sholáthar do gach neamhláithreacht múinteora ceadaithe le soláthar ar leith do scoileanna speisialta agus ranganna speisialta.



## Ceannaireacht Scoile a Laidrilú

Tá fianaise chomhsheasmhach ann go mbíonn tionchar díreach ag cáilíocht na ceannaireachta scoile ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i scoileanna. Le struchtúr an chórais bunoideachais, a bhfuil sé mar aidhm aige freagracht a chineachadh ar scoileanna, in éineacht le nádúr deonach na bainistíochta scoile, cuirtear ualach suntasach ar cheannairí scoile, go háirithe ar Phríomhoidí. Tá gach scoil agus Príomhoide faoi réir na gceanglas céanna riaracháin agus comhlíonta atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais. Mar thoradh ar an mbéim ar chomhlíonadh i réimsí mar RGCS, Cosaint Leanaí, Sláinte agus Sábháilteacht, agus dlí fostaíochta, tá ualach riaracháin suntasach ar Phríomhoidí, a bhainistíonn oibríochtaí laethúla dá gcuid scoileanna. Níl mórán tacaíochta ag formhór na mbunscoileanna maidir le hairgeadas, le bainistíocht acmhainní daonna agus le TF.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Foirne ceannaireachta meanaí a leathnú sna scoileanna.
- Cláir forbartha gairmiúla ardchaighdeáin agus oiliúint ceannaireachta a chur ar fáil do róil cheannaireachta shinsearacha agus mheánacha agus do cheannairí scoile ardaidhmeannacha.
- Tacaíocht riaracháin, theicniúil agus cothabhála a mhéadú lena n-áirítear íocaíocht dhíreach a dhéanamh le feighlithe scoile chun ualaí maorlathacha agus bainistíochta ar phríomhoidí a laghdú.
- Feabhas a chur ar thuarastail agus níos mó dreasachtaí a chur ar fáil do cheannairí scoile, lena n-áirítear liúntais a chothromú idir ceannairí bunscoile agus iar-bhunscoile, na figiúirí ceapacháin do phríomhoidí riaracháin agus leas-phríomhoidí riaracháin a laghdú go 150 agus 400 dalta faoi seach agus liúntais cheannairí scoile a íoc bunaithe ar na baill foirne go léir a bhainistíonn siad.

# Oideachas Speisialta a Mhéadú

I mí Eanáir 2024, d'fhoilsigh NCSE (an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta) páipéar comhairle beartais dar teideal *Scoileanna agus Ranganna Speisialta: Oideachas Uilechuimsitheach do Shochaí Uilechuimsitheach*. Aithnítear sa doiciméad, cé gur cheart oideachas a chur ar gach leanbh le chéile, beag beann ar a riachtanais agus ar a gcumas, nach mór leanúntas soláthair a choinneáil in Éirinn. Is cuid thábhachtach den leanúntas sin é ranganna speisialta agus ba chóir iad a bhunú i ngach scoil ina bhfuil gá lena leithéid de rang. Ba chóir oiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí agus d'fhoireann ábhartha eile na scoile ar bhonn tráthúil, go hidéalach sula dtéann siad i mbun a róil sa rang speisialta agus go rialta ina dhiaidh sin. Nuair is cuí, ba chóir go mbeadh maoiniú agus acmhainní cuí ag scoileanna chun freastal ar leanaí a bhfuil RSO acu i seomraí ranga príomhshrutha.

Ba chóir go gcuirfí oiliúint chuimsitheach ar gach múinteoir ar theagasc daltaí a bhfuil RSO acu ar fud leanúntas oideachas múinteoirí. Ba chóir go mbeadh an oiliúint seo ar fáil do mhúinteoirí tosaigh ar leibhéil oideachais tosaigh múinteoirí agus ionduchtúcháin, agus do mhúinteoirí a bhfuil níos mó taithí acu de réir mar is gá ar feadh a ngairmeacha beatha. Ba chóir an oiliúint a chur ar fáil ar bhealach tráthúil, de réir mar is gá, agus trí shraith sholúbtha modhanna seachadta a oireann do riachtanais na múinteoirí.

Ní mór deontais agus maoiniú chun seomraí ranga speisialta a bhunú, spásanna cuí ciúine agus céadfacha, agus áiteanna súgartha oiriúnaithe lasmuigh a sholáthar do gach scoil sula n-osclaítear ranganna speisialta. Ní mór don chóiríocht a bheith oiriúnach don fheidhm, agus ní mór foirgnimh nua a cheadú nuair is gá. Caithfear tacú le scoileanna seomraí ranga príomhshrutha a oiriúnú de réir mar is gá chun freastal ar dhaltaí a bhfuil riachtanais bhreise acu.

Cuireann INTO fáilte roimh cheapachán 39 Teiripeoir Urlabhra agus Teanga agus Saothair ag an Roinn Oideachais. Mar sin féin, tugaimid faoi deara nach mór leathnú a dhéanamh ar an tseirbhís seo go timpeall 400 pearsanra chun seirbhís imleor a chur ar fáil do gach bunscoil sa tír. Aithnímid an rath a bhí ar an gclár Píolótach Comhairliúcháin tosaigh agus iarraimid é a leathnú chuig gach scoil ar bhonn céimnithe, le rolladh amach láithreach i ngach scoil DEIS.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Líon níos mó de scoileanna speisialta a bhunú agus leanúntas an tsoláthair a choinneáil lena n-áirítear ranganna speisialta
- Cláir oiliúna den scoth a rolladh amach do gach duine a mhúineann leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu lena n-áirítear líon na n-áiteanna ar Chúrsaí Dioplóma san Oideachas Speisialta a mhéadú faoi dhó
- Infheistíocht a dhéanamh in acmhainní agus in áiseanna oideachais speisialta agus feabhas a chur ar thuarastail agus ar thacaíochtaí gairmiúla do mhúinteoirí sna suíomhanna sin
- Tacaíochtaí teiripeacha, comhairleoireachta agus síceolaíochta inscoile a leathadh amach agus seirbhísí míchumais túslíne á gcur ar fáil go háitiúil ar leibhéal na scoile.






## Maoiniú Scoile a Ardú

Ní mór don chéad Rialtas eile aghaidh a thabhairt go práinneach ar na heasnaimh mhaoinithe atá roimh bhunscoileanna trí mhaoiniú díreach scoileanna a mhéadú. Faoi láthair, faigheann bunscoileanna €200 in aghaidh an dalta i dtreo costais oibriúcháin le haghaidh fóntas, árachais agus acmhainní. Tá deontas caipitíochta an lae inniu mar an gcéanna agus a bhí in 2012, agus níl sé sách leor chun cur ar chumas na mbunscoileanna greim a choinneáil faoin bhfiacail, rud a fhágann go mbíonn siad ag brath ar thuismitheoirí agus ar bhaill eile de phobal na scoile áitiúla le haghaidh déirc. Leis an easnamh maoinithe, cuirtear brú airgeadais míchuí ar bhunscoileanna agus leagtar béim ar an ngá atá le méadú suntasach ar an deontas caipitíochta chun cabhrú le scoileanna costais boilscithe atá ag ardú a bhainistiú. Tá méadú suntasach riachtanach chun a chinntiú go bhfaigheann gach leanbh sa bhunscoil oideachas cothrom ina bhfuil dea-acmhainní ag gabháil leo. Chun dul i ngleic leis an ngéarchéim mhaoinithe thromchúiseach i mbunscoileanna iarrann INTO ar an rialtas atá ag teacht isteach an deontas caipitíochta bunscoile a mhéadú go €400 in aghaidh an dalta.

Ní mór infheistíocht i mbonneagar scoile a bheith mar thosaíocht freisin, le béim ar iarfheistiú agus nuachóiriú na bhfoirgneamh atá ann cheana féin, chomh maith le hacmhainn a mhéadú trí thógálacha nua agus sínti scoile. Tá go leor foirgneamh bunscoile as dáta agus tá gá le deisiúcháin phráinneacha, ach ní leor an deontas reatha mionoibreacha chun freastal fiú ar riachtanais bhunúsacha chothabhála. Le hinfheistíocht mhéadaithe i mbonneagar, cuirfear timpeallacht foghlama shábháilte agus chuiditheach ar fáil do dhaltaí, ag tacú lena bhforbairt oideachais. Ina theannta sin, cinnteoidh na huasghráduithe seo gur féidir le scoileanna feidhmiú go hinbhuanaithe, le héifeachtúlacht fuinnimh feabhsaithe agus áiseanna nua-aimseartha chun freastal ar éilimh an churaclaim den 21ú haois. Iarraimid ar an rialtas méadú suntasach a chur ar an deontas mionoibreacha do bhunscoileanna agus do scoileanna speisialta.

De réir mar a dhéantar an curaclam bunscoile athfhorbartha a rolladh amach, ní mór deontais bhliantúla le haghaidh acmhainní curaclaim a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí oideachas nua-aimseartha agus cuimsitheach a chur ar fáil. Ina theannta sin, ní mór maoiniú d'acmhainní TFC agus d'uirlisí foghlama digiteacha a shíneadh tar éis 2027 chun a chinntiú go bhfuil an teicneolaíocht is gá ag gach scoil chun daltaí a ullmhú do dhomhan digiteach atá ag síorathrú. Gan na hinfheistíochtaí ríthábhachtacha seo i mbonneagar, acmhainní agus teicneolaíocht, beidh scoileanna ag streachailt le hoideachas ardchaighdeáin atá tuillte ag gach leanbh a chur ar fáil.

### Ní mór don chéad Rialtas eile:

- Maoiniú caipitíochta bunscoile a mhéadú go €400 in aghaidh an dalta faoi 2030
- Caiteachas ar bhonneagar scoile a mhéadú le haghaidh na foirgnimh atá ann cheana féin a iarfheistiú agus a nuachóiriú agus le haghaidh foirgneamh nua/síntí scoile agus méadú suntasach a dhéanamh ar an deontas mionoibreacha
- Deontais bhliantúla a chur ar fáil le haghaidh acmhainní curaclaim de réir mar a dhéantar curaclam bunscoile athfhorbartha a chur i bhfeidhm agus soláthar a dhéanamh do leithdháileadh acmhainní TFC agus uirlisí foghlama digiteacha tar éis 2027.

## Srian a Chur ar Athchóiriú

Ní mór athrú, cibé acu reachtaíocht, curaclaim nó riaracháin a mhaolú agus an luas ceart a chur fúthu sa chaoi is nach mbeidh sé ina bhac ar fheabhsú agus ar fhorbairt, nó ina dhíspreagadh ar theagasc agus ar fhoghlaim éifeachtach. Mar gheall ar ghlaonna ó go leor páirtithe ar scoileanna freagairt d'athruithe sochaíocha agus a bheith mar leigheas ar chúrsaí ar nós bulaíocht, murtall, úsáid iomarcach fón cliste agus damáiste don chomhshaol, tá múinteoirí agus príomhoidí ag mothú go bhfuiltear ag iarraidh orthu ualach oibre breise a ghlacadh trí iliomad tionscnamh agus clár.

Chun aghaidh a thabhairt ar athrú agus forualach tionscnaimh agus iad a bhainistiú agus chun tacú leo, áitíonn INTO go bhfuil gá leis na bearta seo a leanas:

- Leanúint leis an bhFóram Bunoideachais agus tacaíocht a thabhairt dó, ar fóram é a sholáthraíonn modh soiléir comhairliúchán bhríoch maidir le tabhairt isteach agus seicheamhú athruithe agus tionscnaimh i scoileanna.
- Maoiniú imfhálaithe do riachtanais Forbartha Gairmiúla Leanúnaí na múinteoirí féin seachas riachtanais chórais 'ó bharr anuas' a bheith i réim ar acmhainní leithdháilte.
- Forbairt ghairmiúil d'athrú bunaithe ar an gcóras seachadta laistigh d'am scoile agus gan aon chostas ar mhúinteoirí. Tá cur chuige uile-scoile i leith FGL riachtanach agus ba chóir é a chomhlánú le tacaíocht leanúnach ó Oide ar leibhéal na scoile.

### Ní mór don chéad Rialtas eile:

- Próiseas forbartha beartais chomhairligh agus sruthlínithe a bhunú agus struchtúir forbartha gairmiúla a fheabhsú chun tionscnaimh nua a chur chun feidhme.
- An luas ceart a chur faoi thionscnaimh nua chun a chinntiú go bhfuil na tionscaimh atá ann faoi láthair comhtháthaithe go hiomlán.

## Scoileanna Beaga a Chosaint

Is cloch choirnéil de go leor pobal tuaithe iad na scoileanna beaga, ag freastal ní hamháin mar ionaid oideachais ach freisin mar mhoil ríthábhachtacha den saol sóisialta agus cultúrtha. Tá sé ríthábhachtach d'inbhuanaitheacht tuaithe na hÉireann tacú leis na scoileanna seo agus iad a chosaint. Gan iad, bheadh deacrachtaí ag go leor pobail bheaga teaghlaigh a choinneáil agus a bhféiniúlacht uathúil áitiúil a chaomhnú. Ní mór don chéad Rialtas eile: a chinntiú go bhfaigheann scoileanna beaga na hacmhainní agus an tacaíocht atá de dhíth orthu chun bheith faoi bhláth, ag aithint a róil lárnaigh i réimse an oideachais agus i saol an phobail araon.

Ní mór don chéad rialtas eile tosaíocht a thabhairt do mhaoiniú sainoiriúnaithe agus leithdháileadh acmhainní do scoileanna beaga, go háirithe trí thacú leis an tsamhail chnuasaithe a forbraíodh trí Thionscadal na Scoileanna Beaga. Bhí an tionscnamh seo éifeachtach ó thaobh cuidiú le scoileanna beaga comhoibriú, acmhainní a roinnt, agus réitigh nuálaíocha a fhorbairt maidir le dúshláin choiteanna. Tríd an tionscadal seo a leathnú ar fud na tíre, thabharfaí tacaíocht spriocdhírithe do scoileanna beaga tuaithe, ag cinntiú go bhfaighidh siad an tacaíocht airgeadais agus an struchtúr eagraíochtúil atá riachtanach chun iad a bheith faoi bhláth. Ní mór an tionscadal um chnuasach scoileanna beaga a leathnú chun níos mó cnuasaigh de scoileanna beaga a áireamh agus chun tionscadal buan a dhéanamh dó. Ina theannta sin, ba chóir Oifigeach Riaracháin Cnuasaigh lánaimseartha a cheapadh chun tacú le gach ceann de na cnuasaigh. Le maoiniú saindeartha le haghaidh cnuasaithe, bunaithe ar thorthaí an tionscadail, cuirfear ar chumas scoileanna beaga leanúint ar aghaidh ag soláthar oideachais ardchaighdeáin agus ag an am céanna teorainneacha a méide a shárú.

### Ní mór don chéad Rialtas eile:

- Tacú le scoileanna beaga trí mhaoiniú saincheaptha, agus leithdháileadh acmhainní le haghaidh cnuasaithe, bunaithe ar thorthaí Thionscadal na Scoileanna Beaga.

## Maoiniu DEIS a Spriocdhíriú

Tá an Tuarascáil ECFE a foilsíodh le déanaí, *Resourcing Schools to Address Educational Disadvantage in Ireland (*Acmhainní a thabhairt do Scoileanna chun Aghaidh a thabhairt ar Mhíbhuntáiste Oideachasúil in Éirinn) (Iúil 2024), dearfach faoin gclár DEIS agus aithnítear ann na buntáistí a thug sé do cheantair faoi mhíbhuntáiste socheacnamaíoch. Mar sin féin, moltar sa tuarascáil go ndíreofaí acmhainní ar bhealach níos fearr orthu siúd is mó atá i ngátar Cuireann INTO fáilte roimh an tuarascáil agus iarrann sé go gcuirfí maoiniú méadaithe ar fáil do na limistéir a bhfuil na riachtanais is déine acu, cosúil le phobail atá thíos le bochtaineacht idirghlúine, ardleibhéil choireachta, easpa dídine agus andúile. Ba cheart go bhfeidhmeodh tuarascáil an ECFE mar phointe tagartha seachas mar theimpléad chun buiséad reatha DEIS a athdháileadh.

Sa tuarascáil ECFE, iarrtar arís agus arís eile go ndéanfaí comhordú níos fearr ar sheirbhísí do leanaí agus leagtar béim ar mheabhairshláinte mar ábhar imní suntasach do scoileanna DEIS. Aithnítear ann an imní atá ag dul i méid i measc daoine óga faoi cheisteanna meabhairshláinte, ag tagairt go minic don ghá le comhairleoireacht agus tacaíochtaí teiripeacha le haghaidh tráma. Iarrann INTO go gcuirfí síneadh láithreach leis an treoirthionscadail chomhairleoireachta reatha chuig gach scoil DEIS mar ábhar práinne agus iarrann sé ar an treoirthionscadal teiripe inscoile a leathnú chuig gach scoil DEIS sa chéad chéim eile.

Tá rath an chláir um Theagmháil Baile, Scoile agus an Phobail dea-dhoiciméadaithe agus ba chóir go mbeadh an tseirbhís seo ar fáil do gach scoil chun tacú le daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, atá i láthair i ngach scoil. Caithfidh múinteoirí a bhfuil taithí agus eolas acu ar an gcóras oideachais agus tuiscint láidir ar DEIS a bheith mar chuid den fhoireann sa tseirbhís seo.

### Ní mór don chéad Rialtas eile:

- Scéim DEIS plus a chruthú chun tacú le 100 scoil a fhreastalaíonn ar na limistéir leis an díothacht is mó mar aon le maoiniú agus acmhainní méadaithe do scoileanna DEIS.
- Idirghabhálacha spriocdhírithe a dhéanamh do dhaltaí atá i mbaol míbhuntáiste oideachasúil agus tionscnaimh rannpháirtíochta pobail agus tuismitheoirí a mhéadú lena n-áirítear leathnú na scéime HSCL faoi stiúir an mhúinteora.

## Gairm na Múinteoireachta a Dhéanamh Níos Éagsúla

D'fhonn gairm na múinteoireachta a dhéanamh níos éagsúla, tá sé riachtanach straitéisí a chur i bhfeidhm a mheallann daoine aonair ó chúlraí éagsúla. Ba cheart go n-áireofaí leis seo córais láidre tacaíochta a fhorbairt do mhúinteoirí faoi mhíchumas, ag cuidiú le fáil réidh leis na bacainní a bhíonn roimh na hoideachasóirí seo go minic. Tá sé ríthábhachtach freisin ionaid oibre cuimsitheacha a chruthú i scoileanna agus is féidir é a bhaint amach trí chláir mheantóireachta spriocdhírithe do ghrúpaí tearcionadaithe sa teagasc. Leis na cláir seo, thabharfaí treoir agus spreagadh d'iontrálaithe nua ó chúlraí éagsúla, ag cothú braistint muintearas agus ag tacú lena bhfás gairmiúil. Trí infheistíocht a dhéanamh sna réimsí seo, is féidir linn dul chun cinn suntasach a bhaint amach i dtreo lucht saothair teagaisc a chruthú a léiríonn éagsúlacht dhaonra daltaí na hÉireann.

Tá sé ríthábhachtach freisin cur le hiarrachtaí chun pátrúnacht scoile a éagsúlú i mbunscoileanna, ag aithint go bhféadfadh ceannasaíocht reatha éiteas na scoile Caitlicí iarrthóirí ó chúlraí reiligiúnacha nó neamhreiligiúnacha difriúla a dhíspreagadh. Trí thacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a mhéadaíonn rannpháirtíocht in oideachas tosaigh múinteoirí, amhail scoláireachtaí maidir le sealbhú teanga agus cláir shaincheaptha do mhúinteoirí imirceacha, féadtar rogha gairme níos inrochtana a dhéanamh de mhúinteoireacht dóibh siúd ó phobail tearcionadaithe. Trí riachtanais iontrála a athmheas agus na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil, féadann gairm na múinteoireachta a bheith ina slí bheatha níos cuimsithí agus níos tarraingtí, ag saibhriú eispéiris oideachais gach dalta agus ag cur le córas oideachais atá níos freagraí ó thaobh an chultúir de.

Ba cheart breathnú freisin ar scoláireachtaí Gaeltachta agus ar chláir forbartha gairmiúla do mhúinteoirí nár tháinig trí chóras oideachais na hÉireann. Leis an riachtanas inniúlachta sa Ghaeilge, cuirtear isteach go díréireach ar mhúinteoirí imirceacha, agus tá iarrthóirí éagsúla á eisiamh ó iontráil agus fanacht sa ghairm de bharr an riachtanais sin. Cé go bhfuil sé ríthábhachtach an riachtanas Gaeilge a choinneáil chun an teanga a chaomhnú agus a chur chun cinn, ní mór bealaí níos inrochtana agus tacaíochtaí suntasacha a sholáthar do mhúinteoirí ó chúlraí tearcionadaíochta.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Straitéisí a chur chun cinn chun daoine aonair ó chúlraí éagsúla a mhealladh chuig an múinteoireacht, lena gcinntítear go dtugtar tacaíocht dóibh chun páirt a ghlacadh sa ghairm agus fanacht sa ghairm agus chun córais tacaíochta a fhorbairt do mhúinteoirí faoi mhíchumas.
- Iarrachtaí a threisiú maidir le háiteanna oibre cuimsitheacha a dhéanamh de scoileanna lena n-áirítear cláir mheantóireachta a fhorbairt do ghrúpaí tearcionadaíochta i dteagasc agus cosaintí a sholáthar ó gach cineál foréigin agus ciaptha.
- Iarrachtaí a athspreagadh chun éagsúlacht pátrúnachta a chinntiú i mbunscoileanna.



## Feabhas a chur ar Chumarsáid na Roinne Oideachais

Chun cumarsáid agus rannpháirtíocht leis an Roinn Oideachais a fheabhsú, tá sé riachtanach fóraim chomhairliúcháin rialta agus sásraí aiseolais a bhunú a chuimsíonn ionchur ó cheardchumainn múinteoirí. Trí na fóraim seo, chuirfí spás struchtúrtha ar fáil le haghaidh idirphlé oscailte, rud a cheadódh d'oideachasóirí a gcuid léargais agus imní a roinnt go díreach le lucht déanta beartas. Leis an gcur chuige comhoibríoch seo, cinntítear go n-éistear le glórtha na ndaoine atá ar thúslíne an oideachais agus go mbreithnítear iad sna próisis chinnteoireachta. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go seolfar beartais agus tionscnaimh go trédhearcach agus go tráthúil. Trí léiriú soiléir a thabhairt ar an réasúnaíocht taobh thiar de chinntí agus uasdátú pras a sholáthar, féadfaidh an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí muinín a chothú agus caidreamh níos comhtháite a chothú leis an bpobal múinteoireachta, as a dtiocfaidh beartais oideachais níos éifeachtaí agus níos freagraí ar deireadh.

Dá gcuirfí feabhas ar an bhFóram Bunoideachais d'fhéadfaí díriú níos mó ar chumarsáid agus ar chomhoibriú a chumasú ina leith sin.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Fóraim chomhairliúcháin rialta agus sásraí aiseolais a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear ionchur ó cheardchumainn na múinteoirí.
- A chinntiú go gcuirtear beartais agus tionscnaimh in iúl ar bhonn céimnithe agus go tráthúil.

## Rannpháirtíocht Oideachais Thuaidh Theas a threisiú

Éiríonn go maith le hÉirinn agus Tuaisceart Éireann i gcomparáidí idirnáisiúnta d'fhorbairt scileanna ag leibhéal na bunscoile agus na meánscoile araon. Léiríonn an dhá dhlínse patrúin comhchosúla a bheag nó a mhór maidir le forbairt scileanna agus torthaí comhchosúla bunaithe ar chúlra sóisialta, rud a léiríonn leibhéil inchomparáide éagothroime i ngnóthú scileanna.

Mhol an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta in 2022, áfach, go mbeadh comhoibriú méadaithe ar fud an oileáin tairbheach i réimsí éagsúla, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar mhíbhuntáiste oideachasúil agus chun ionchuimsiú na ndaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a chur chun cinn. Creideann INTO gur chóir don rialtas nua forbairt a dhéanamh ar an obair atá tosaithe ag Aonad na nOileán Comhroinnte i Roinn an Taoisigh agus níos mó a dhéanamh chun eispéiris agus torthaí oideachais a fheabhsú do gach dalta atá ag freastal ar scoileanna ar fud oileán na hÉireann.

Tacaíonn an Comhchoiste Oireachtais maidir le Comhaontú Aoine an Chéasta leis an tuairim seo, a mhol go bhféachfadh an rialtas ar bhealaí chun soghluaisteacht múinteora trasna na teorann a éascú, lena ligtear do mhúinteoirí oibriú sa dá dhlínse. Tá dúshláin le sárú ag na córais oideachais sa Tuaisceart agus sa Deisceart maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachais. I dTuaisceart Éireann, is mó an seans go bhfágfaidh daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste an scoil go luath i gcomparáid leo siúd i bPoblacht na hÉireann. Is dócha go bhfuil tionchar ar an difríocht seo ag fachtóirí ar nós roghnú acadúil i dTuaisceart Éireann agus ag rath an chláir DEIS i bPoblacht na hÉireann maidir le daltaí a choinneáil san oideachas.

Faoi láthair, is minic a bhíonn teagmháil agus comhar Thuaidh-Theas ad hoc agus braitheann siad ar chaidrimh aonair nó ar thionscadail shonracha, rud a fhágann go bhfuil comhoibriú marthanach níos deacra. Ós rud é go bhfuil dúshláin chomhchosúla roimh an dhá dhlínse maidir le dul i ngleic le míbhuntáiste oideachasúil agus le timpeallacht oideachais chuimsitheach a chruthú do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, tá deis ann le haghaidh comhphlé agus foghlama.

Iarrann INTO ar Rialtas na hÉireann agus ar Thionól Thuaisceart Éireann Fóram Oideachais Thuaidh-Theas a bhunú. Ba cheart go mbeadh baint ag an bhfóram seo le ceardchumainn oideachais ar fud an oileáin agus le príomhpháirtithe leasmhara eile, ag díriú ar shaincheisteanna ríthábhachtacha cosúil le míbhuntáiste oideachasúil, oideachas speisialta agus soghluaisteacht múinteora.

**Ní mór don chéad Rialtas eile:**

- Sásraí níos dírithe a bhunú le haghaidh rannpháirtíochta idir comhlachtaí oideachais ar oileán na hÉireann lena n-áirítear Fóram Oideachais Thuaidh-Theas.






## An Ghaeilge a Chur Chun Tosaigh

Tá imní ardaithe i dtuarascálacha i ndiaidh a chéile ón bPríomh-Chigire faoi mhúineadh na Gaeilge, ag tabhairt faoi deara "Nach mór torthaí foghlama, inspreagadh agus rannpháirtíocht na ndaltaí sa Ghaeilge a fheabhsú" (2022). I staidéir eile (Harris 1999 agus 2006) léirítear easpa muiníne de roinnt múinteoirí agus iad ag múineadh na teanga. Aithníonn INTO freisin go bhfeictear an ceanglas maidir le Gaeilge do chlárú múinteoirí mar bhac do go leor múinteoirí ó ghrúpaí mionlaigh atá ag iarraidh dul isteach sa ghairm.

Iarrann INTO raon cuimsitheach de chúrsaí Gaeilge saor in aisce do mhúinteoirí atá ag cleachtadh agus do mhúinteoirí atá ag tosú, lena n-áirítear iad siúd a fuair oiliúint thar lear agus atá ag iarraidh na cáilíochtaí riachtanacha a bhaint amach, rud a chuirfidh ar a gcumas uasoiliúint a fháil agus inniúlacht ghairmiúil a choinneáil sa teanga. Cuireann INTO fáilte roimh an gcomhoibriú le déanaí idir an Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta agus líonra na nIonad Oideachais maidir le cúrsaí Gaeilge saor in aisce a chur ar fáil do mhúinteoirí agus molann sé go leathnófaí an tionscnamh seo agus go dtabharfaí dóthain maoinithe dó láithreach.

Éilíonn INTO freisin go ndéanfaí athbhreithniú iomlán ar Dhíolúintí ó Staidéar na Gaeilge, go háirithe i gcomhthéacs thabhairt isteach na nuatheangacha iasachta sa Churaclam Bunscoile Athfhorbartha. Ba cheart taighde bunaithe ar fhianaise ó Éirinn agus ó dhlínsí dátheangacha agus ilteangacha eile a úsáid chun luach oideachais chóras reatha na ndíolúintí a mheas.

### Ní mór don chéad Rialtas eile:

- Cúrsaí saor in aisce a chur ar fáil do mhúinteoirí atá ag iarraidh an cháilíocht Ghaeilge a bhaint amach, breisoiliúint bhliantúil do mhúineadh na Gaeilge a sholáthar do na bunmhúinteoirí go léir agus athbhreithniú a dhéanamh ar scéim na ndíolúintí ón nGaeilge ag an mbunleibhéal.

30 CHUIG 30

VÓTÁIL CÉADROGHA DON OIDEACHAS

into

Irish National Teachers' Organisation

*Cumann Múinteoirí Éireann*